Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Bealtaine 2024**
**(OR. en, hu)**

**9644/24**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0077/B(COD)**

**CODEC 1251**
**ENER 219**
**ENV 493**
**CLIMA 194**
**COMPET 524**
**CONSOM 184**
**FISC 103**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/an Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoracha (AE) 2018/2001 agus (AE) 2019/944 a mhéid a bhaineann le feabhas a chur ar dhearadh an mhargaidh leictreachais san Aontas **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráiteas |

## Ráiteas ón Ungáir

Áirítear san athchóiriú ar an margadh leictreachais roinnt gnéithe dearfacha lena spreagtar teicneolaíochtaí ísealcharbóin atá ríthábhachtach don aistriú fuinnimh, agus aithnítear ann ról an fhuinnimh núicléach mar fhoinse fuinnimh ghlain chun dícharbónú sábháilte inbhuanaithe an gheilleagair a bhaint amach. Ní thacaíonn an Ungáir, áfach, le glacadh na Treorach, ós rud é go gcreidimid nach dtugann Airteagal 66a maidir leis an ngéarchéim praghsanna leictreachais dóthain solúbthachta don Ungáir chun praghsanna inacmhainne a áirithiú agus chun rialachán maidir le praghsanna faoi bhun costais a chur i bhfeidhm chun tomhaltóirí teaghlaigh a chosaint i gcás géarchéim fuinnimh. Creidimid gur cheart é a bheith de cheart ag na Ballstáit cinneadh a dhéanamh dá rogha féin nuair a tharlaíonn géarchéim agus praghsanna leictreachais a shocrú faoi bhun costais, ionas nach n-íocfaidh tomhaltóirí teaghlaigh praghsanna iomarcacha fuinnimh.